

ELeathanach263

Dé Luain 15 Bealtaine 2017

Múinteoir ag dul ar thuras speisialta eile lena inneall níocháin

Is múinteoir é Enda O'Doherty ó Chontae Phort Lairge. Anuraidh dhreap sé sliabh le hinneall níocháin ar a dhroim. I mí na Bealtaine, 2016, dhreap sé Sliabh na mBan atá 720 meadar in airde

Bhí sé ag iarraidh airgead a bhailiú don charthanacht *Pieta House*. Chomh maith leis sin bhí sé ag iarraidh aird daoine a dhíriú ar mheabharshláinte.

I rith an tsamhraidh tá sé chun an t-inneall níocháin a thabhairt ar thuras chun na hAfraice chun an sliabh is airde ansin a dhreapadh. Is é Kilimanjaro an sliabh is airde san Afraic. Tá Kilimanjaro sa Tansáin agus tá sé 5895 meadar in airde. Is bolcán suanach é ach níor pléasc sé le 360,000 bliain anuas.



Bolcán ag pléascadh



Cúrsaí sacair: Corn FA na mBan

Bhí an cluiche ceannais de Chorn FA na mBan ar siúl Dé Sathairn i Staid Wembley. Bhí Birmingham City ag imirt i gcoinne Manchester City. Bhí slua de 35, 271 i láthair chun an cluiche a fheiceáil.

Bhí Man. City 3 chúl chun tosaigh ag leath-am. Tar éis leath-ama fuair Birmingham cúl ach fuair Manchester City cúl eile agus chríochnaigh an cluiche leis an scór Birmingham City 1; Manchester City 4.

Níor bhuaigh na mná ó Manchester City an comórtas seo riamh roimhe, mar sin, bhí áthas an domhain orthu.

Comórtas Eurofíse 2017

Bhí an comórtas Eurofíse ar siúl i gCív, sa Ucráin an tseachtain seo caite. Bhí na babhtáí leathceannais ar siúl Dé Máirt agus Déardaoin. Bhí Brendan Murray ar an ardán d'Éirinn Déardaoin agus chan sé an t-amhrán *Dying to Try*. Ní bhfuair sé go leor vótaí chun áit a fháil sa bhabhta ceannais Dé Sathairn.

Bhí 26 amhránaí ar an ardán Dé Sathairn, ag canadh chun an comórtas Eurofíse 2017 a bhuan. Bhí dhá chuid den vótáil. Ar dtús fuair siad na vótaí ó na giúiréithe i ngach tír. Ina dhiaidh sin bhí an Phortaingéil sa chéad áit.

Ansin d'fhogair siad na vótaí ón bpobal i ngach tír. Anuraidh d'athraigh na vótaí seo na torthaí nuair a léim an Ucráin isteach sa chéad áit. I mbliana, áfach níor athraigh an chéad áit agus bhí an bua ag Salvador Sobral ón bPortaingéil. Seo an chéad uair riamh a bhuaigh an Phortaingéil an comórtas seo. Bhí áthas an domhain orthu.

Beidh an *Junior Eurovision* ar siúl in Tbilisi, sa tSeoirse i mí na Samhna. Tá taifead ar siúl faoi láthair do chlár ar TG4 chun an t-amhránaí nó an grúpa a bheidh ann ar son na hÉireann a roghnú. Beidh an clár ar siúl san fhómhar.

EUROVISION
SONG CONTEST
KYIV 2017



An Chomhairle um Oideachas
Gaeilteachta & Gaelscolaíochta



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
OÉMN, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

